



An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2019
(OR. en)

10054/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0196(COD)**

**FSTR 108
REGIO 144
FC 48
CADREFIN 270
RELEX 586
SOC 445
PECHE 278
JAI 659
SAN 295**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	An pacáiste reachtach don Bheartas Comhtháthaithe 2021-2027 - Dúshláin amach anseo le cláreagrú na gcistí = Díospóireacht bheartais

PÁIPÉAR ÓN UACHTARÁNACHT MAIDIR LE "DÚSHLÁIN AMACH ANSEO LE CLÁREAGRÚ NA gCISTÍ"

Iarrtar ar na hairí atá i gceannas ar an mBeartas Comhtháthaithe treoir pholaitiúil bhreise a thabhairt maidir le dhá shaincheist d'ard-tábhacht don Bheartas Comhtháthaithe amach anseo:

- Comhordú an bheartais eacnamaíoch agus shóisialta faoin Seimeastar Eorpach agus an nasc treisithe le Beartas Comhtháthaithe an Aontais;
- Rialachas eacnamaíoch d'éifeachtacht chistí an Chomhbheartais Comhtháthaithe agus cuspóirí an Aontais um chóineasú.

I. CÚLRA

Foráiltear le pacáiste reachtach an Bheartais Comhtháthaithe nasc treisithe leis an Seimeastar Eorpach, a fhágann gur dlúthchuid den chlársceidealú do na Ballstáit iad na moltaí tír-shonracha.

Leis na tuarascálacha tíre agus na moltaí tír-shonracha tugtar treoir shonrach i ndáil le clársceidealú cistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Ba cheart go dtiocfaidh comhar feabhsaithe idir beartais eacnamaíochta agus shóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus infheistíochtaí beartais comhtháthaithe an Aontais as an bpróiseas rialaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Sa chreat rialála maidir leis an mbeartas comhtháthaithe do 2021-2027 bunaítear naisc leis an Seimeastar Eorpach, ina leagtar amach rialacha do chlársceidealú, cur chun feidhme, faireachán agus feidhmíocht chistí an Aontais.

Tá nasc an tSeimeastair Eorpaigh leis an mbeartas comhtháthaithe ag croílár an phlé pholaitiúil ar leibhéal na mBallstát, i bhfianaise struchtúr agus ábhar na gclár a leagan amach, lena leagfar amach naisc réamhtheachtacha leis an mbeartas comhtháthaithe. Dá bhrí sin is féidir an próiseas rialaithe a roinnt ina chéimeanna réamhtheachtach agus iartheachtach, roinnte ag an dáta a foilsíodh na tuarascálacha tíre agus moltaí tír-shonracha.

Ó thaobh na mBallstát de, teastóidh cur chuige níos comhtháite a bheith ann ar na leibhéil náisiúnta agus réigiúnach d'fhonn úinéireacht na n-athchóirithe struchtúracha agus infheistíochtaí gaolmhara arna maoiniú ag an Aontas a neartú.

Ag an am céanna, le próiseas rialaithe an tSeimeastair Eorpaigh ba cheart go ndéanfaí foráil do rannpháirtíocht, comhar agus rannchuidiú ó lucht déanta cinntí atá i gceannas ar an mbeartas comhtháthaithe.

Cuireadh tús le timthriall reatha an tSeimeastair Eorpaigh le glacadh an tSuirbhé Bhliantúil Fáis 2019. Tá na tosaíochtaí a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis idirnasctha go dlúth agus treisithe go frithpháirteach, agus cuireann siad in iúl an gá le cur chuige comhtháite ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, d'fhonn fás cuimsitheach agus forbairt eacnamaíocha inbhuanaithe a áirithiú, lena gcuirfear feabhas ar an staid shoch-eacnamaíoch foriomlán. Ní mór béim ar leith a chur ar an ngá le hinfheistíocht atá bunaithe ar an staid shonrach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, ag cur san áireamh an cóineasú agus ag laghdú an chonair éagothromaíochtaí faoin mbeartas comhtháthaithe.

Aithníonn na Ballstáit go gcabhraíonn na moltaí tír-shonracha sin leis na hathchóirithe chun tacú leis an méadú ar acmhainneacht fáis, leis na geilleagair náisiúnta a athchóiriú agus a n-athléimneacht a neartú a thuilleadh. Chuige sin, rinneadh grinnscrúdú ar na naisc oibríochtúla chun na próisis atá ann cheana féin a shruthlíniú agus chun comhleanúnachas níos fearr a áirithiú idir comhordú na mbeartas eacnamaíoch, na moltaí tír-shonracha ábhartha agus úsáid chistí an Aontais agus feabhsaíodh iad le linn na caibidlíochta ar phacáiste reachtach an Bheartais Comhtháthaithe.

Meastar gur céim chun tosaigh i dtreo éifeachtúlacht chistí uile an Bheartais Chomhtháthaithe a fheabhsú iad rialachas eacnamaíoch fóna agus na ceanglais cothrománacha eile is infheidhme maidir le caiteachas buiséid uile an Aontais. Mar sin féin, tuigtear go mbíonn pionóis airgeadais mar thoradh ar chistí a chur ar fionraí go héigeantach agus go bhfuil nasc indéireach aige sin leis na hinfheistíochtaí arna dtacú ag an mBeartas Comhtháthaithe i gcoitinne. Sa chás sin, beidh ar na ballstáit na hacmhainní airgeadais a sholáthróidh an sreabhadh airgid a shainaithe d'fhonn leanúint de na hinfheistíochtaí agus de na tairbhithe a íoc. Ní mór aird a thabhairt ar mhaithe leis na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith le fionraíochtaí fadtéarmacha a mhaolú, fionraíochtaí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht an Bheartais Comhtháthaithe.

II. CEISTEANNA LE PLÉ

1. *Céard iad tuairimí na mBallstát maidir leis na naisc idir Beartas Comhtháthaithe an Aontais agus cleachtadh reatha an tSeimeastair Eorpaigh?*
 2. *Cé na dúshláin a bheartaítear faoi chlársceidealú na tréimhse 2021-2027 i bhfianaise na moltaí tír-shonracha 2019? Cé na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann le linn an athbhreithnithe meántearma in 2025 (bunaithe ar mholtaí tír-shonracha 2024)?*
 3. *Cén chaoi ar cheart rialachas eacnamaíoch agus cuspóir an chóineasaithe a réiteach?*
-